# 14 Bainistíocht achomharc cánach

**14.1** Is féidir le cáiníocóirí tairbhe a bhaint as dhá mheicníocht chun nithe atá á ndíospóidiú le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim i ndáil lena ngnóthaí cánach a réiteach.[1]

- Is féidir le cáiníocóirí athbhreithniú a lorg ar an tslí ar déileáladh lena ngnóthaí cánach. Is é bainisteoir na hoifige cánach áitiúla a dhéanann an t-athbhreithniú agus mura bhfuil an cáiníocóir sásta le toradh an athbhreithnithe féadfaidh sé iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú a bheidh á chur i gcrích ag athbhreithneoir neamhspleách inmheánach nó seachtrach. Níl aon tionchar ag an nós imeachta seo ar cheart cáiníocóra achomharc a dhéanamh.
- Tá 30 lá ag cáiníocóirí atá míshásta le measúnú nó cinneadh cánach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ó dháta an mheasúnaithe chun achomharc a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach (an Coimisiún). Go ginearálta, bíonn achomhairc bunaithe ar mhéid na cánach atá á mheas nó cur chun feidhme dlí cánach, nithe a bhfuil tionchar acu ar an méid cánach a d'fhéadfadh a bheith dlite agus le híoc.

**14.2** In imthosca ina bhfuil cinneadh achomhairc déanta i gcoinne an cháiníocóra, tá an cáiníocóir dlite an difríocht idir an cháin a bhí íoctha cheana féin (más ann di) agus an méid a cinneadh i ndiaidh achomhairc móide ús ar an méid breise ón lá a raibh sé dlite ar dtús.[2]

**14.3** Léiríodh i scrúdú a rinneadh roimhe seo go raibh breis is aon trian den fhiachas cánach ar fad a bhí gan íoc in 2014 á achomharc agus go raibh leath den cháin á hachomharc le breis is trí bliana.[3] Moladh sa tuarascáil go ndéanfaí athbhreithniú ar thaifeadadh na n-achomharc i gcórais na gCoimisinéirí Ioncaim agus go bhforbrófaí tuilleadh táscairí cuimsitheacha maidir le feidhmíocht bainistiú fiachais.

**14.4** Bunaíodh an Coimisiún um Achomhairc Chánach ar an 21 Márta 2016 mar chomhlacht reachtúil neamhspleách faoi Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach) 2015 (an tAcht). Tá an Coimisiún freagrach as bainistíocht agus cinneadh achomharc i gcoinne mheasúnuithe agus chinntí na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní mór do cháiníocóir atá míshásta le measúnú nó cinneadh cánach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim achomharc a chur, i scríbhinn, chuig an gCoimisiún.[4]

**14.5** Ar dtús, ceapadh beirt choimisinéirí chun dhá achomharc a éisteacht. Mar gheall ar líon na n-achomharc a fuarthas, ceapadh coimisinéir sealadach amháin i Meitheamh 2017 agus triúr coimisinéirí shealadacha bhreise in 2019, agus is ar bhonn leath-ama atá duine amháin ceaptha. I mí Iúil 2020, ceapadh Cathaoirleach ag a bhfuil freagracht fhoriomlán as bainistíocht agus gnó an Choimisiúin faoi Acht Airgeadais (Achomhairc Chánach agus Rialacháin Réamheolaire) 2019.

**14.6** Cuireadh maoiniú luach €3.3 milliún ar fáil le haghaidh oibríochtaí an Choimisiúin in 2019 faoin bpróiseas meastachán bliantúil. Bhí an caiteachas tabhaithe sa bhliain cothrom le €1.8 milliún.

1 Sa tuarascáil seo, tagraíonn an téarma 'cáiníocóir' d'aon duine nó d'aon eintiteas ag a bhfuil an ceart chun athbhreithnithe nó achomhairc.

2 Tá roinnte eisceachtaí ann — má rinne an cáiníocóir tuairisceán fíor agus beacht agus má d'íoc sé 90%, ar a laghad, den cháin dlite, nó má bhí tuairisceán déanta ag an gcáiníocóir agus 'léiriú amhrais' macánta iontráilte maidir le cóireáil cheart ní a cumhdaíodh sa tuairisceán, níl an cáiníocóir dlite chun ús a íoc.

3 Caibidil 22, Bainistiú fiachais ioncaim, *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2014*.

4 Díscaoileadh Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc nuair a bunaíodh an Coimisiún. Bhí an Oifig sin freagrach as breithniú cánach roimh bhunú an Choimisiúin. Ceanglaíodh ar cháiníocóir ar mian leis a cheart chun achomhairc a fheidhmiú fógra achomhairc a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim ar dtús a d'aistrigh na cásanna chuig na Coimisinéirí Achomhairc sa chás gur mhian leis na páirtithe leanúint ar aghaidh le héisteacht.

## Cuspóirí an scrúdaithe seo

14.7 Seo a leanas a chuirtear i gcrích sa scrúdú seo


- anailís ar thorthaí na gcás-athbhreithnithe a rinneadh sa tréimhse 2016 – 2019
- soláthraítear mionsonraí maidir leis an bpróiseas achomhairc reatha
- déantar athbhreithniú ar thoradh na gcásanna achomhairc
- scrúdaítear bailiú fiachais i ndiaidh achomhairc
- athbhreithnítear treochtaí sa luach cánach a bhí faoi achomharc sa tréimhse 2016 – 2019
- déantar meastóireacht ar na nósanna imeachta a bhaineann le cásanna achomhairc a bhainistiú lena n-áirítear a thráthúla is a dhiúscraítear a leithéid de chásanna agus córais TFC an Choimisiúin
- déantar athbhreithniú ar dhul chun cinn a bhaineann le cur chun feidhme moltaí a rinneadh in athbhreithniú in 2018 ar ualach oibre agus oibríochtaí an Choimisiúin.

## Athbhreithniú ar an mbealach ar láimhseáil na Coimisinéirí Ioncaim cásanna

14.8 Chuir na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú ar 56 cás i gcrích sa tréimhse 2016 – 2019 (féach ar Fhíor 14.1). I bhformhór na gcásanna, athbhreithneoir seachtrach a rinne an t-athbhreithniú. I mbreis is 75% de na cásanna, bhí toradh an athbhreithnithe chun fabhair na gCoimisinéirí Ioncaim. Ní raibh athbhreithnithe a rinneadh chun fabhar na gcáiníocóirí ach i 6% de na cásanna. Sna cásanna eile, bhí gnéithe den athbhreithniú i bhfabhar an dá pháirtí nó d’aistarraing an cáiníocóir an t-athbhreithniú.

14.9 Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go dtagraíonn na hathbhreithnithe do phróisis riaracháin a bhaineann le déileáil le cás agus nach mbíonn measúnú leasaithe mar thoradh díreach orthu. I ndiaidh an athbhreithnithe, áfach, d'fhéadfadh sé tarlú (go hannamh) go raibh an cháin a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim mícheart. Gach bliain, foilsíonn na Coimisinéirí Ioncaim achoimre ar chinntí athbhreithnithe a eisíodh an bhliain sin.

**Fíor 14.1 Toradh athbhreithnithe inmheánacha agus seachtracha na gCoimisinéirí Ioncaim 2016 – 2019**




Foinse: Na Coimisinéirí Ioncaim. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## An próiseas achomharc

**14.10** Tá 30 lá ag cáiníocóirí atá míshásta le measúnú nó cinneadh cánach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim ó dháta an mheasúnaithe bhunaidh chun achomharc, i scríbhinn, a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá forléargas ar an bpróiseas le fáil i bhFíor 14.2 agus tá léargas ar na sreafaí cumarsáide le fáil i bhFíor 14.3.

**Fíor 14.2 Forbhreathnú ar an bpróiseas achomhairc chánach**

Chun achomharc bailí a dhéanamh

- ní mór aon tuairisceáin chánach gan déanamh a dhéanamh agus a chur ar fáil, agus
- ní mór an dliteanas fógartha ag an gcáiníocóir (más ann dó) a íoc.

Nuair a dhéanann cáiníocóir nó gníomhaire achomharc a thaisceadh leis an gCoimisiún, cuirfear bailiú an dliteanais díospóidte ar fionraí go dtí go réitíonn an cáiníocóir agus na Coimisinéirí Ioncaim an díospóid nó go dtí go mbíonn toradh ar an achomharc. Déanann na Coimisinéirí Ioncaim é seo trí threoir 'stop' a chur san áireamh, dá dtagraítear dó mar 'Stop 16', ar thaifead an cháiníocóra maidir leis an gcáin atá á díospóidiú. Sa chás go ndéantar cinneadh maidir le hachomharc (arna chinneadh ag an gCoimisiún nó ag cúirt, réitithe, dífe nó aistarraingthe), baintear an treoir Stop 16.

Nuair a chinntear gur achomharc bailí é achomharc, d'fhéadfadh an Coimisiún a threorú don cháiníocóir agus/nó do na Coimisinéirí Ioncaim ráiteas cáis a sholáthar ina leagtar amach sonraí an achomhairc lena n-áirítear cur síos ar na fíricí ábhartha, doiciméid i scríbhinn nó taifid eile a bhfuil sé beartaithe ag an bpáirtí brath orthu, sonraí maidir le forálacha reachtúla a mbeifear ag brath orthu agus cibé an mbreithníonn nó nach mbreithníonn an páirtí gurb ionann an ní atá á achomharc agus ní a d'fhéadfaí a réiteach trí chomhaontú leis an bpáirtí eile.[1]

Is é an Coimisiún atá freagrach as achomhairc chánach a bhainistiú, lena n-áirítear

- bailíocht iarrata ar achomharc a mheas
- imlíne an cháis a shonrú agus a chomhaontú leis an gcáiníocóir agus leis na Coimisinéirí Ioncaim
- an t-achomharc a liostú, a éisteacht agus a chinneadh.

Bunaithe ar dhearcadh an cháiníocóra, is ann do phróiseas singil d'achomharc cánach a thosaíonn le hachomharc a thíolacadh agus d'fhéadfadh gurb é cinneadh ó na Coimisinéirí Ioncaim nó Cúirt a bheadh mar chríoch leis i ndeireadh na dála. Sa chás go gcinneann na Coimisinéirí Ioncaim gan glacadh le hachomharc, glactar leis go bhfuil an cinneadh sin críochnaitheach agus dochloíte. Féadfar cinneadh a dhéanamh gan glacadh le hachomharc sna himthosca seo a leanas


- meastar nach bhfuil an t-achomharc bailí
- tá an t-achomharc gan substaint nó bunús
- is achomharc déanach é an t-achomharc agus níl critéir shonraithe comhlíonta.[2]

Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach

1 Ceanglaítear le hAlt 949I(2)(d) d'Acht Comhdhlúite Cánacha (ACC) 1997 go sonraíonn cáiníocóir, ag a bhfuil achomharc á dhéanamh, na forais achomhairc go mionsonraithe.

2 D'fhéadfadh na coimisinéirí glacadh le hachomharc déanach má cuireadh cosc ar an achomharcóir an t-achomharc a dhéanamh laistigh den tréimhse atá sonraithe san Acht mar gheall ar neamhláithreacht, breoiteacht nó cúis réasúnach eile agus má dhéantar an t-achomharc ina dhiaidh sin gan moill mhíréasúnach agus laistigh de thréimhse 12 mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse atá sonraithe san Acht chun an t-achomharc sin a dhéanamh. Féadfar achomharc déanach a dhéanamh tráth is déanaí ná 12 mhí, faoi réir coinníollacha áirithe. Déantar foráil lena aghaidh seo in alt 949O(2) ACC 1997.

**Fíor 14.3 An próiseas achomhairc chánach**





Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Ní féidir an rogha a dhéanamh achomharc a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte ach ar phonc dlí.

## Treochtaí i luach cánach faoi achomharc

**14.11** Bunaíodh an Coimisiún i Márta 2016 agus tráth a bhunaithe, bhí 1,456 achomharc 'leagáide' ann a raibh luach (arna mheas ag na Coimisinéirí Ioncaim) €1.1 bhilliún aistrithe chuige.[1] Ag deireadh 2019, bhí thart ar €3.8 billiún taifeadta ag an gCoimisiún mar chásanna a bhí faoi achomharc (féach ar Fhíor 14.4). Áiríodh anseo €2.2 billiún a bhain le cúig chás ghaolmhara achomhairc a taisceadh in 2018 ba chúis leis an méadú an-mhór ar luach i rith na bliana sin.

**Fíor 14.4 Luach iomlán na cánach faoi achomharc, 2016 go dtí 2019**




Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear i méid cánach faoi achomharc ag deireadh 2016 €1.1 bhilliún de chásanna leagáide agus cásanna réamhbhunaithe ar láimh.

**14.12** Cé go bhfuil sonraí maidir le hachomhairc chánach á dtaifeadadh ar chórais TFC an Choimisiúin, tá taifead maidir leis an bpríomh-cháiníocóir á chothabháil ar chórais TFC na gCoimisinéirí Ioncaim.

**14.13** Úsáideann na Coimisinéirí Ioncaim modúl ar leith ina gcóras cásbhainistithe (CCB) chun cásanna achomhairc a bhainistiú. Áirítear sa mhodúl seo mionsonraí maidir le dul chun cinn achomhairc trí chéimeanna éagsúla an phróisis achomhairc, an ráiteas cáis mar atá á sholáthar ag na Coimisinéirí Ioncaim don Choimisiún agus doiciméid ábhartha eile lena n-áirítear an dáta ar cuireadh stop le bailiú an fhiachais agus measúnú na gCoimisinéirí Ioncaim ar an méid atá á dhíospóidiú. Is modúl ar leith é seo seachas an córas próiseála comhtháite cánach (PCC) atá in úsáid ag na Coimisinéirí Ioncaim chun an bonn cásanna a chothabháil, tuairisceáin chánach, íocaíochtaí, aisíocaíochtaí agus aisíoca a phróiseáil.[2] Níl aon chomhéadan leictreonach idir an dá chóras.

**14.14** Úsáidtear sonraí a bhaintear as modúl achomharc na gCoimisinéirí Ioncaim ina sonraítear líon na n-achomharc oscailte agus luach na cánach faoi achomharc ar bhonn míosúil chun críocha tuairiscithe bainistíochta laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim.

1 D'aistrigh na Coimisinéirí Ioncaim 1,159 achomharc agus d'aistrigh Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc 297 achomharc oscailte chuig an gCoimisiún.

2 Is é an córas próiseála comhtháite cánach (PCC) príomhchóras riaracháin chomhtháite cánach agus custam na gCoimisinéirí Ioncaim. Cuirtear an stop ar bhailiú fiachais cánach (Stop 16) i gcásanna achomhairc i bhfeidhm ar an gcóras seo.

**14.15** Lorg an fhoireann scrúdaithe liosta de na cásanna ar fad atá faoi achomharc de réir chórais na gCoimisinéirí Ioncaim i láthair na huaire. Thug na sonraí tosaigh a chuir na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil don scrúdú le fios go raibh 4,347 cás faoi achomharc ar an 31 Nollaig 2019 agus go raibh méid fiachais de €3.2 billiún i gceist. Déanann an scrúdú seo comparáid idir na luachanna taifeadta i gcóras na gCoimisinéirí agus an luach taifeadta i gcóras an Choimisiúin agus tarraingíodh aird ar líon mór cásanna ina raibh difríochtaí le tabhairt faoi deara sna luachanna faoi achomharc.

**14.16** Ag eascairt as na neamhréireanna, d'iarr na Coimisinéirí Ioncaim ar gach bainisteoir cáis le hachomhairc oscailte athbhreithniú a dhéanamh ar chásanna sa mhodúl achomhairc agus an méid a bhí á dhíospóidiú a nuashonrú, amhail ag deireadh Mheitheamh 2020. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo, thug sonraí leasaithe a cuireadh ar fáil don fhoireann scrúdaithe le fios go raibh 4,434 cás agus luach cánach €3.7 billiún faoi achomharc ag deireadh Nollaig 2019.

**14.17** D'fhéadfadh difríochtaí teacht chun cinn idir na figiúirí a thaifeadann na Coimisinéirí Ioncaim mar cháin faoi achomharc agus na figiúirí a shonraíonn an Coimisiún mar cháin faoi achomharc le haghaidh roinnt cúiseanna.

- D'fhéadfaí an méid faoi achomharc a leasú i dtaifid na gCoimisinéirí Ioncaim sa chás go bhfuil gné den achomharc réitithe nó aistarraingthe ach nach ndéantar an méid a leasú ar chóras an Choimisiúin mar nach gá go mbeadh an Coimisiún ar an eolas faoi réiteach nó aistarraingt an achomhairc.
- D'fhéadfadh go mbeadh aga moille idir an dáta a dhúnann an Coimisiún cás agus an dáta a gcuirtear fógra chuig na Coimisinéirí Ioncaim faoi, agus nuair a dhúnann na Coimisinéirí Ioncaim an t-achomharc ar mhodúl achomharc na gCoimisinéirí Ioncaim.[1]
- D'fhéadfadh go dtarlódh earráid dhaonna nuair atá an méid faoi achomharc á thaifeadadh.


## Toradh cásanna achomhairc

**14.18** Chuir an Coimisiún liosta de gach cás a dúnadh ó thráth a bhunaithe ar an 21 Márta 2016 ar fáil don scrúdú. Dúnadh 3,918 cás achomhairc ar fad sa tréimhse sin. Dúnadh beagnach leath (49%) de na cásanna mar gur tháinig an cáiníocóir ar réiteach leis na Coimisinéirí Ioncaim agus chinn an cáiníocóir beagnach aon cheathrú (23%) de na cásanna a aistarraingt. Dhiúltaigh nó dhíbh an Coimisiún 22% de chásanna agus níor ceanglaíodh air cinneadh foirmiúil a dhéanamh ach in 5% de chásanna (féach Fíor 14.5).

**14.19** Más féidir, déanann an Coimisiún iarracht réiteach achomharc gan éisteacht a éascú. Faoi fhorálacha atá sonraithe san Acht, is féidir breithniú a dhéanamh gan éisteacht, má chomhaontaíonn an dá pháirtí. Is é an aidhm atá ann imeachtaí a chur i gcrích go tapa. Ó thráth a bhunaithe, tá an mheicníocht seo in úsáid ag an gCoimisiún in 38% de na cinntí eisithe.

1 Faoin Acht, cuirfidh an Coimisiún fógra, i scríbhinn, chuig gach páirtí laistigh de 21 lá ó chinneadh a dhéanamh.

**Figure 14.5 Toradh na n-achomharc ó cháiníocóirí chuig an gCoimisiún, an 21 Márta 2016 go dtí Nollaig 2019**




Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**14.20** D'fhéadfadh go mbeadh measúnú cánach leasaithe mar thoradh ar achomharc. Ní éascaíonn córais TFC na gCoimisinéirí Ioncaim tiomsú tuarascálacha achomair chun scrúdú a dhéanamh ar thionchar achomharc ar na measúnuithe cánach bunaidh. Dhéanfadh a leithéid sin de thuarascálacha comparáid idir measúnuithe bunaidh agus an dliteanas comhaontaithe deiridh, chuirfeadh sé ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí ábhartha agus breithniú a dhéanamh maidir leis an ngníomh, más ann dó, a d'fhéadfadh a bheith riachtanach in imthosca lena mbaineann laghduithe/méaduithe suntasacha leis an measúnú bunaidh do chineálacha cánach áirithe mar thoradh ar achomharc.

### *Foilsiú cinntí*


**14.21** D'fhéadfadh toradh na n-achomharc a chinntear faisnéis úsáideach a sholáthar do chleachtóirí cánach agus do cháiníocóirí i ndáil le léirmhíniú dlí cánach. Faoin Acht, ceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil maidir leis an gcinneadh a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, laistigh de 90 lá ó chinneadh a dhéanamh. Áirítear sa tuarascáil eolas maidir le cúlra an cháis, an reachtaíocht a bhfuiltear ag brath uirthi, mionsonraí na n-aighneachtaí, an chonclúid ar ar thángthas agus an toradh — cibé acu an raibh sé i bhfabhar an cháiníocóra nó na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá 213 cinneadh eisithe ag an gCoimisiún ó thráth a bhunaithe.

**14.22** Léirítear i bhFíor 14.6 líon na gcinntí eisithe sa tréimhse idir 2016 – 2019. Mar thoradh ar chás amháin a cinneadh in 2019 tugadh 31 cás eile a bhí taiscthe leis an gCoimisiún chun críche agus eisíodh 32 cinneadh ar leithligh.[1]

**14.23** Áirítear ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin cóip de na cinntí san ord inar foilsíodh iad. Ní áirítear ar an suíomh gréasáin achoimre ar an gcás agus ní áirítear áis chuardaigh de réir, mar shampla, cineál cánach nó nádúr na saincheiste atá á díospóidiú. Cé gur comhlíonadh le ceanglais an Achta maidir le cinntí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, ní bheidh úsáideoirí deiridh in ann ach úsáid theoranta a bhaint as an bhfaisnéis seo. Tharraing an Coimisiún aird ar an bpointe, áfach, go bhfoilsíonn sé achoimrí a thuarascála bliantúla ar chinntí casta agus go ngrúpaíonn sé cinntí níos lú de réir catagóire.

1 Bhain an cinneadh le cáin ioncaim agus asbhainteacht caillteanas áirithe cánach. Rinne an Coimisiún rialú maidir le cás amháin ach taisceadh achomhairc ó 32 duine aonair agus bhain siad ar fad leis an bhfadhb chánach céanna.

**Fíor 14.6 Cinntí maidir le cásanna eisithe idir 2016 agus 2019**




Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**14.24** Breithníonn na Coimisinéirí Ioncaim cinntí an Choimisiúin eisithe i gcomhthéacs lámhleabhar nua a fhoilsiú nó lámhleabhair atá ann cheana féin a leasú. Ní chruthaíonn cinntí déanta ag an gCoimisiún dlí nó fasach nua agus féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh a dhéanamh achomharc a chur chuig an Ard-Chúirt i gcoinne cinnidh nó athrú sa dlí a lorg trí leasú ar an mBille Airgeadais, le ceadú an Aire Airgeadais. Tá naoi gcás achomharctha ag na Coimisinéirí Ioncaim chuig an Ard-Chúirt, agus tá dlí cánach leasaithe de bhun cinneadh amháin a eisíodh.

## Bailiú cánach i ndiaidh achomhairc

**14.25** Lorg an fhoireann scrúdaithe liosta ó na Coimisinéirí Ioncaim de gach cás achomhairc curtha i gcrích suas go dtí an 31 Nollaig 2019 chun a fháil amach an raibh na dliteanais íoctha. Ní raibh na Coimisinéirí Ioncaim in ann an fhaisnéis seo a sholáthar de bhrí, nuair a dhúntar achomharc agus nuair a bhaintear an Stop 16, nach ndéanann córas PCC idirdhealú idir cásanna achomhairc agus gnáthchásanna eile fiachais gan íoc. Nuair a dheimhnítear go bhfuil an fiachas cánach achomharctha dlite go cuí, leantar leis an gcás sa ghnáthshlí i dteannta le haon dliteanas eile atá gan íoc.

**14.26** Shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil faisnéis mhionsonraithe aige ag leibhéal an cháiníocóra aonair agus nach bhfuil aon bhealach córasach ann chun an faisnéis seo a aisghabháil. Chomh maith leis sin, shonraigh na Coimisinéirí Ioncaim nach mbaineann ach luach teoranta le córais a fhorbairt a sholáthraíonn faisnéis ar mhaicrileibhéal.

**14.27** Mar chuid den scrúdú rinneadh athbhreithniú ar shampla de 100 achomharc a cinneadh nó a réitíodh sa tréimhse idir 2016 agus 2019 chun scrúdú a dhéanamh ar ráta bailithe an dliteanais chomhaontaithe deiridh de €168.9 milliún. Áirítear sa dliteanas deiridh comhaontuithe idir na Coimisinéirí Ioncaim agus an cáiníocóir maidir le léirmhíniú an dlí chánach, aon fhaisnéis bhreise curtha ar fáil ag an gcáiníocóir agus i gcásanna áirithe, cinneadh de chuid an Choimisiúin. Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcásanna áirithe, nach gá go mbeidh na dliteanais chomhaontaithe deiridh ag teacht leis na méideanna deiridh bailithe. Is fianaise é seo ar an bhfíric, i gcásanna áirithe, gur chinn na Coimisinéirí Ioncaim nach bhféadfaí leanúint lena leithéid a lorg nó go mbeadh sé neamheacnamaíoch na méideanna measta a lorg.

**14.28** Ag deireadh mhí na Bealtaine 2020, bhí breis is 90% den dliteanas comhaontaithe deiridh sa 100 cás samplach bailithe; bhí níos lú ná 1% scríofa anuas; agus tá 9% gan íoc. Baineann formhór an dliteanais gan íoc le hachomhairc a dúnadh i rith 2019.

**14.29** Íocann roinnt cáiníocóirí an méid atá á dhíospóidiú roimh achomharc a thaisceadh leis an gCoimisiún. Déantar é seo chun cosc a chur ar ús a bheith á chur i bhfeidhm mura n-éiríonn leis an achomharc a dhéanann an cáiníocóir. Má éiríonn le cás achomhairc an cháiníocóra, ceanglaítear ar na Coimisinéirí Ioncaim an méid réamhíoctha leis an gcáiníocóir a aisíoc. Níl na Coimisinéirí Ioncaim in ann an méid iomlán réamhíoctha i ndáil le cáin a bhí faoi achomharc ag deireadh 2019 a chainníochtú, nó cé mhéad a d'aisíoc na Coimisinéirí Ioncaim le cáiníocóirí mar thoradh ar achomhairc a bheith á gcailleadh ag na Coimisinéirí Ioncaim in 2019.

## Bainistiú cásanna achomhairc

**14.30** Tá roinnt spriocanna aschuir ag an gCoimisiún gach bliain mar atá sonraithe in *Meastacháin do Chaiteachas Poiblí.* Sháraigh an Coimisiún na spriocanna aschuir ar fad ar glacadh leo. Seo a leanas na spriocanna agus an toradh a bhí ann

- *Líon na n-achomharc cánach dúnta* — cuireadh an méadrach seo san áireamh den chéad uair in 2019 agus glacadh le sprioc de 1,500. In 2019, dhún an Coimisiún 1,584 achomharc (2018, 1,439).
- *Líon na gcinntí eisithe* — ba é an sprioc a bhí ag an gCoimisiún 60 cinneadh a eisiúint in 2019 (2018, 9). In 2019, d'eisigh sé 111 cinneadh ar fad (2018, 42).

### *Ualach cásanna*

**14.31** Tugtar le fios i sonraí atá ar fáil ag deireadh mhí na Nollag 2019, idir an 31 Márta 2016 agus an 31 Nollaig 2019, gur taisceadh 5,819 achomharc leis an gCoimisiún. I dteannta leis an 1,456 achomharc leagáide a aistríodh chuig an gCoimisiún tráth a bhunaithe, ciallaíonn sé seo go raibh an t-ualach cásanna, ó thráth a bhunaithe, cothrom le 7,275 cás, agus go raibh an candam comhiomlán cothrom le €5.2 billiún (féach ar Fhíor 14.7).[1] Dúnadh 3,918 cás ar fad sa tréimhse chéanna, rud a d'fhág go raibh 3,357 cás ar fad oscailte ag an 31 Nollaig 2019 (féach ar Fhíor 14.8).

1 Is éard atá i gceist le candam achomhairc an méid cánach atá á díospóidiú idir páirtithe.


**Fíor 14.7 Miondealú ar an gcandam achomhairc**

| Ceannteideal | Líon cásanna | Candam achomharctha €m |
|---|---|---|
| Níl aon chandam[a] | 896 | n/b |
| Níos lú ná €1,000 | 912 | 0.4 |
| €1,000 – €10,000 | 1,972 | 7.5 |
| €10,000 – €100,000 | 1,946 | 75 |
| €100,000 – €1 mhilliún | 1,245 | 403 |
| €1 mhilliún – €10 milliún | 251 | 699 |
| €10 milliún – €50 milliún | 39 | 822 |
| €50 milliún – €100 milliún | 6 | 388 |
| €100 milliún + | 8 | 2,843 |
| **Iomlán** | **7,275** | **5,238** |

Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Ní gá i gcónaí go mbeadh an Coimisiún in ann luach airgeadúil achomhairc a ríomh e.g. sa chás go bhfuil an ráta cánach á dhíospóidiú, achomhairc a bhaineann le clárú le haghaidh CBL a dhiúltú, diúltú deimhniú imréitigh cánach a eisiúint nó sa chás gurb ionann achomharc agus diúltú d'fhaoiseamh caillteanais, asbhaintí nó incháilitheacht le haghaidh díolúine.

**Fíor 14.8 Achomhairc charnacha a taisceadh agus a dúnadh, 2016 go dtí 2019**




Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear sa bhliain 2016 1,456 cás a taisceadh leis an gCoimisiún tráth a bhunaithe.

### *Tráthúlacht an phróisis achomhairc*

**14.32** Is fachtóirí tábhachtacha iad dul chun cinn agus cinneadh tráthúil cásanna achomhairc chánach i ndáil le déileáil chothrom a chinntiú do cháiníocóirí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh moilleanna maidir le hachomhairc a thabhairt chun críche a bheith costasach don Stát mar gheall ar an teip cánacha a bhailiú go tráthúil agus do cháiníocóirí a bhféadfadh costais úis a bheith le n-íoc acu má dhéantar cinneadh ina gcoinne. Nuair a bhíonn tráthúlacht á meas, tá sé úsáideach scrúdú a dhéanamh ar an aois chánach atá faoi achomharc i láthair na huaire agus, maidir le cásanna dúnta, an méid ama a thóg sé an t-achomharc a dhiúscairt.


*Aois na cánach faoi achomharc ag deireadh 2019*

**14.33** Tá 3,357 cás ar fad, lena mbaineann luach €3.75 billiún, fós oscailte ag an 31 Nollaig 2019 (féach ar Fhíor 14.9). Ba é dhá bhliain an mheántréimhse ama a raibh cásanna oscailte leis an gCoimisiún go dtí dheireadh mhí na Nollag 2019.[1]

- Bhí beagnach aon cheathrú de na cásanna (luach €508 milliún) sa chóras achomhairc ar feadh tréimhse trí bliana nó níos mó. Baineann 74% den luach seo le cásanna leagáide a aistríodh chuig an gCoimisiún in 2016.
- Bhain breis is 90% de luach na cánach faoi achomharc le 2018 nó blianta measúnaithe níos túisce agus bhain aon cheathrú (25%) le 2017 nó blianta roimhe sin.

**14.34** Baineann suas le €2.6 billiún (69%) den luach faoi achomharc le deich gcás. Tá dhá chás a bhfuil luach €196 milliún luaite leo faoi achomharc le haghaidh trí bliana nó níos mó (féach ar Fhíor 14.10). Má chuirtear na deich gcás seo as an áireamh, is é dhá bhliain meánaois na cánach faoi achomharc.

**Fíor 14.9 Líon na n-achomharc agus luach gan íoc de réir na bliana fála ag an 31 Nollaig 2019**





Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Áirítear in 2016 achomhairc leagáide, achomhairc réamhbhunaithe agus achomhairc faighte ag an gCoimisiún in 2016.

1 Bunaithe ar 3,336 cás oscailte ag deireadh 2019. Ní raibh na dátaí a fógraíodh achomhairc ar fáil le haghaidh 21 cás.

**Fíor 14.10 Achomhairc oscailte leis an luach is airde, de réir fhad na n-imeachtaí achomhairc, candam agus stádas ag an 31 Nollaig 2019**




Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Taisceadh an cás seo roimh bhunú an Choimisiúin. Aistríodh an cás chuig an gCoimisiún ar an 21 Márta 2016. Glactar leis go bhfuil gach cás leagáide agus réamhbhunaithe taiscthe ag an dáta seo.

**14.35** Tharraing an Coimisiún aird ar na moilleanna a bhain leis na hocht gcás a thabhairt chun críche atá breis is 12 mhí faoi achomharc mar seo a leanas.

- I gcás amháin, lorg an cáiníocóir fanacht ón Ard-Chúirt maidir le hathbhreithniú an Choimisiúin, ar feitheamh athbhreithniú breithiúnach.
- Bhí fanacht luaite le ceithre chás eile freisin — lorg an cáiníocóir agus/nó na Coimisinéirí Ioncaim síneadh ama chun ráiteas cáis a sholáthar a bhí mar bhonn le moilleanna idir trí agus naoi mí maidir leis na gcásanna a thabhairt chun cinn. Tá bainisteoirí cáis an Choimisiúin ag déileáil le gach cás i láthair na huaire.
- Maidir le cás amháin, reáchtáladh éisteacht Coimisiúin i mí na Nollag 2017. Bhíothas ag súil le cinneadh in Aibreán 2020 ach shonraigh an Coimisiún go bhfuil sé ag súil anois go mbeidh cinneadh á eisiúint i mí na Nollag 2020.
- Maidir le cás amháin, reáchtáladh éisteacht Coimisiúin i mí Feabhra 2020 agus tá an Coimisiún ag súil go mbeidh cinneadh á eisiúint in Eanáir 2021.
- Maidir le cás amháin, tá sé beartaithe éisteacht a reáchtáil i mí na Samhna 2020, agus beidh an cás á éisteacht ag Coimisiún de thriúr den chéad uair. Tá an Coimisiún ag súil le cinneadh a eisiúint in Eanáir 2021.


### *Am chun achomharc a chinneadh — cásanna dúnta*

**14.36** D'fhonn an méid ama a thógann sé achomharc a dhéanamh a ríomh, teastaíonn taifead de na dátaí ar sholáthair cáiníocóir fógra achomhairc agus taifead de na dátaí ar cuireadh an t-achomharc i gcrích. Tá an fhaisnéis i gcóras cásbhainistithe an Choimisiúin neamhiomlán sa chomhthéacs sin. As an 3,918 cás a thaispeántar mar chásanna dúnta, níor taifeadadh dáta faighte an achomhairc in 68 cás agus tugadh earráidí tras-scríbhinne faoi deara in ocht gcás bhreise, áit a raibh dáta taifeadta dhúnadh an cháis sonraithe roimh an dáta a fuair an Coimisiún an t-achomharc.

**14.37** Scrúdaíodh an méid ama a thóg sé cásanna a dhiúscairt i ndáil le 3,842 cás inar taifeadadh dáta fhógra an achomhairc agus dáta dhúnadh an cháis (féach ar Fhíor 14.11)

- bhí 72% de na cásanna dúnta réitithe nó aistarraingthe ag an gcáiníocóir — astu seo, rinneadh 61% a dhiúscairt i dtréimhse níos giorra ná bliain amháin
- in 8% de na cásanna, rinneadh an t-achomharc a dhíbhé ach ní raibh ach an cúigiú cuid de na cásanna seo dífe laistigh de bhliain
- níor leanadh le cinneadh a dhéanamh ach i gcás díreach 5% de na cásanna agus thóg sé breis is dhá bhliain leath de na cásanna seo a thabhairt i gcrích.

**Fíor 14.11 Méid ama caite na n-achomharc dúnta, 2016 go dtí 2019**




Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Déileáil le moilleanna ar chásanna a thabhairt i gcrích*

**14.38** Tá roinnt forálacha leagtha amach san Acht chun deis a thabhairt don Choimisiún leanúint le cásanna go héifeachtach. Féadfaidh an Coimisiún a threorú do na páirtithe freastal ar chruinniú ar a dtugtar comhdháil chásbhainistithe chun dlús a chur faoi chás a bhfhéadfadh moill a bheith air le haghaidh cúis éigin. In 2019, sceidealaigh an Coimisiún 39 comhdháil chásbhainistithe (2018, 159). Aistarraingíodh nó réitíodh 17

gcás roimh chomhdhálacha agus táthar ag leanúint ar aghaidh le 15 chás. Maidir leis na seacht gcás fágtha, athsceidealaíodh dáta na comhdhála.

**14.39** Tá ceart ag an gcáiníocóir faoin Acht go ndéanfaí a (h)achomharc a éisteacht. Cuirfidh an Coimisiún fógra chuig na páirtithe maidir le dáta éisteachta idir trí agus sé mhí roimh an dáta sceidealta. Mura bhfreastalaítear ar an éisteacht glactar leis go bhfuil an éisteacht aistarraingthe. Ní leantar ar aghaidh le céatadán suntasach cásanna ar an dáta éisteachta sceidealta. Bhí 224 cás sceidealta le héisteacht in 2019. Maidir le 25 cás, aistarraingíodh an t-achomharc. Iarchuireadh an dáta éisteachta i mbeagnach dhá thrian de na cásanna fanta, agus leanadh ar aghaidh leis an éisteacht mar a bhí beartaithe i ndáil leis an trian eile de chásanna.

**14.40** Tá moilleanna suntasacha le tabhairt faoi deara idir dáta éisteachta agus dáta eisiúna cinnidh. Níl aon teorainn ama sonraithe don Choimisiún chun cás a chinneadh nuair atá achomharc cloiste ag coimisinéir. Bunaithe ar shonraí a cuireadh ar fáil don scrúdú, ag deireadh 2019, tá 57 cás ar feitheamh cinnidh ón gCoimisiún i ndiaidh éisteachta (féach ar Fhíor 14.12).

**Fíor 14.12 Cásanna ar feitheamh cinnidh i ndiaidh éisteachta ag an 31 Nollaig 2019**

| Bliain na héisteachta | Líon cásanna | Candam faoi achomharc €m | Meánlíon blianta ar feitheamh cinnidh |
|---|---:|---:|---:|
| 2016 | 10 | 37.6 | 3.5 |
| 2017 | 13 | 76.1 | 2.8 |
| 2018 | 19 | 4.9 | 1.4 |
| 2019 | 15 | 48.4 | 0.6 |
| **Iomlán** | **57** | **€167** | |

Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

**14.41** Shonraigh an Coimisiún gur cuireadh tús le pleananna in Aibreán 2019 chun fáil réidh leis an riaráiste a bhaineann le cinntí a eisiúint le haghaidh cásanna achomhairc a bhí éiste. Ag an am sin, bhí cinntí gan déanamh luaite le 61 cás a raibh luach cánach de thart ar €177 milliún luaite leo. Chomhaontaigh an Coimisiún nuashonrú démhíosúil a chur ar fáil don Roinn Airgeadais ó mhí Aibreáin 2019 anonn. Ag an 4 Meitheamh 2020, bhí cinntí gan déanamh luaite le 38 cás a raibh luach cánach de thart ar €158 milliún luaite leo.

**14.42** I mí Dheireadh Fómhair 2018, chinn athbhreithniú seachtrach neamhspleách ar oibriú an Choimisiúin go bhféadfaí athruithe a dhéanamh chun cabhrú le fáil réidh leis an riaráiste cásanna agus chun cur ar chumas an Choimisiúin an cuspóir a bhí lena bhunú ar dtús a chomhlíonadh.[1] Sholáthair an Coimisiún ráiteas maidir le conas ar fhreagair sé do na moltaí agus do na hamfrámaí gaolmhara agus an dul chun cinn déanta go dtí deireadh Lúnasa 2020 (féach ar Iarscríbhinn 14A).

1 *Athbhreithniú ar Ualach Oibre agus Oibríochtaí an Choimisiúin um Achomhairc Chánach* (tuarascáil O'Donoghue) Tuarascáil don Aire Airgeadais.

**14.43** Moltar i gceann de na moltaí sa tuarascáil go mbunófaí sprioc dhá mhí i ndáil le cur i gcrích cinntí i ndiaidh achomharc a éisteacht.

**14.44** I gcásanna ina ndéanann an cáiníocóir nó na Coimisinéirí Ioncaim cinntí an Choimisiúin a achomharc chuig an Ard-Chúirt, ní féidir an t-achomharc a thabhairt i gcrích. Ní mór cásanna a achomharc laistigh de 21 lá ó chinneadh Coimisiúin agus ní mór go mbeadh an t-achomharc bunaithe ar phonc dlí a eascraíonn as cinneadh an Choimisiúin. Ó 2016, rinneadh 23 cás a achomharc chuig an Ard-Chúirt. Níor leanadh ar aghaidh le ceithre chás. Ag an 31 Nollaig 2019, bhí 13 cás ar feitheamh éisteacht nó cinneadh Ard-Chúirte.

**14.45** As measc na sé gcás Ard-Chúirte ar leanadh ar aghaidh leo

- rinneadh cás amháin a scriosadh amach
- réitíodh cás amháin idir an cáiníocóir agus na Coimisinéirí Ioncaim roimh éisteacht
- d'aisiompaigh an Ard-Chúirt cinneadh an Choimisiúin i gcás amháin
- deimhníodh cinneadh an Choimisiúin in dhá chás
- ní raibh an breithiúnas le fógairt go poiblí i gcás amháin.

### *Leordhóthanacht chórais TF an Choimisiúin*

#### *Córas cásbhainistithe*

**14.46** In 2016, thug an Coimisiún faoi chleachtadh soláthair phoiblí chun córas cásbhainistithe (CCB) nua a fháil. I rith 2016 agus 2017, tabhaíodh caiteachas iomlán de €202,000 ar an réiteach CCB a fuarthas.

**14.47** I mí Aibreáin 2018, chuir an Coimisiún stop le hoibriú an CCB mar nach raibh an córas ag oibriú mar a bhí beartaithe ar dtús. Shonraigh an Coimisiún nach raibh úinéireacht leordhóthanach aige ar mhaoin intleachtúil (MI) na mbogearraí, rud a bhí mar bhonn le róbhrath ar an soláthraí seirbhíse chun an córas a oibriú agus athruithe a chur i bhfeidhm ar an gcóras, rud a chruthaigh speansais bhreise leanúnacha. Bhí sé seo ag tarlú ainneoin go raibh an córas saincheaptha agus deartha ag an soláthraí seirbhíse i gcomhpháirt leis an gCoimisiún agus scríofa go heisiach don Choimisiún agus go raibh an Coimisiún i ndiaidh na táillí iomlána lena aghaidh a íoc.

**14.48** Rinne an Coimisiún an córas seo a dhíscríobh ina chuntas leithreasa ag deireadh 2018 agus bhí glanluach de réir na leabhar de €84,000 luaite leis.

**14.49** In 2018, forbraíodh córas cásbhainistithe athsholáthair go hinmheánach. Ainneoin nach bhfuil sé beartaithe an córas seo a úsáid ach ar bhonn sealadach, tá sé fós in úsáid agus á úsáid ag an gCoimisiún chun gach ábhar a bhaineann le cásanna a thaifeadadh agus a bhainistiú. Áiríodh sa chuireadh chun tairisceana don chóras cásbhainistithe a bhí díscríofa sonraíocht maidir le céard iad na príomhghnéithe de chóras feidhmiúil cásbhainistithe dar leis an gCoimisiún. Mar chuid den scrúdú rinneadh comparáid idir an córas atá i bhfeidhm faoi láthair agus sonraíocht na tairisceana (féach ar Iarscríbhinn 14C). Tugann sé seo le fios nach féidir leis an gcóras reatha comhéadan leictreonach leis an gcáiníocóir nó leis na Coimisinéirí Ioncaim a éascú agus nach bhfuil feidhmiúlacht leordhóthanach tuairiscithe sa chóras. Gnéithe ba ea iad seo a bhí sonraithe sa chuireadh bunaidh ar thairiscint.

**14.50** Fuair an Coimisiún cead maoinithe i rith phróiseas na meastachán i mí na Nollag 2019 do chaiteachas de €384,000 in 2020, do chaiteachas beartaithe ar threalamh TFC caipitil lena n-áirítear córas cásbhainistithe buan a fhorbairt. Bunaíodh bord tionscadail agus cuireadh tús le cruinnithe in Eanáir 2020. Tá mapáil próisis do na riachtanais don chóras nua curtha i gcrích. I mí Lúnasa 2020, ní raibh sonraíocht na riachtanas nuashonraithe fós agus ní raibh tús curtha leis an bpróiseas tairisceana.

**14.51** Chomh maith leis sin, aimsíodh earráidí sna sonraí taifeadta ar CCB i rith na hoibre a cuireadh i gcrích don scrúdú seo. Bhain siad seo leis na laigí rialaithe/dearaidh seo a leanas

- Déanann comhalta foirne d'fhoireann an Choimisiúin fógraí achomhairc a fhaightear a ionchur in CCB ach ní sheiceálann comhalta foirne ar bith eile cruinneas na sonraí.
- Déantar uimhir thagartha uathúil aitheantais a leithdháileadh de láimh do gach achomharc a fhaigheann an Coimisiún ar chóras ar leithligh.

**14.52** Shonraigh an Coimisiún go bhfuil córas seiceála cáilíochta i bhfeidhm i ndáil le hiontráil sonraí agus go ndéileálfaidh an CCB nua le huimhreacha tagartha uathúla aitheantais a leithdháileadh de láimh.

### *Cásanna a éisteacht ó chian*

**14.53** Tá dúshláin shuntasacha cruthaithe ag ráig phaindéim Covid-19 d'oibriú an Choimisiúin. Rinne an Coimisiún éisteachtaí a chur ar athlá sa tréimhse idir an 13 Márta 2020 agus an 18 Lúnasa 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. I mí Lúnasa, chuir an Coimisiún tús an athuair le sceidealú éisteachtaí fisiciúla agus tosaíodh ag tairiscint éisteachtaí ó chian. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tús áite a thabhairt d'éisteachtaí a cuireadh ar athlá. Measann an Coimisiún go mbaineann luach de thart ar €77 milliún leis na cásanna a raibh tionchar ag an bpaindéim orthu.

**14.54** Táthar ag leanúint ar aghaidh le gnéithe eile d'oibríochtaí an Choimisiúin i rith shrianta Covid-19, bíodh is go bhfuil go leor comhaltaí foirne ag leanúint ar aghaidh ag obair ó chian. Táthar ag glacadh le hachomhairc nua agus táthar á bpróiseáil agus táthar ag leanúint ar aghaidh le cinntí a fhoilsiú.

## Conclúidí agus moltaí

**14.55** Tá an ceart ag cáiníocóirí measúnú ar dhliteanas cánach a rinne na Coimisinéirí Ioncaim a achomharc. Is comhlacht reachtúil neamhspleách é An Coimisiún um Achomhairc Chánach atá freagrach as achomhairc i gcoinne mheasúnaithe na gCoimisinéirí Ioncaim a bhainistiú agus a chinneadh.

**14.56** D'fhéadfadh go mbeadh cáiníocóirí á ndíspreagadh ó achomharc a thaisceadh in imthosca ina bhféadfadh moilleanna a bheith ag baint leis an achomharc sin a chinneadh. Tá moilleanna suntasacha le tabhairt faoi deara i ndáil le diúscairt achomharc. Ag deireadh 2019, mar shampla, bhí 3,357 achomharc oscailte ann. Ag an dáta sin, ba é dhá bhliain an mheántréimhse ama a raibh cásanna faoi achomharc. Bhí beagnach aon cheathrú de na cásanna (luach €508 milliún) sa chóras achomhairc ar feadh tréimhse trí bliana nó níos mó.

**14.57** Léirítear in anailís a rinneadh ar chásanna achomhairc a diúscraíodh idir 2016 agus 2019 nach raibh ach 5% diúscartha mar thoradh ar chinneadh foirmiúil de chuid an Choimisiúin. Thóg sé breis is dhá bhliain leathchuidna gcásanna a raibh cinneadh san áireamh iontu a thabhairt i gcrích.

**14.58** Nuair a bhíonn achomharc éiste ag an gCoimisiún, níl aon teorainn ama sonraithe le haghaidh cinneadh a bheith á eisiúint ag an gCoimisiún. I mí na Nollag 2019, bhí 57 cás ar feitheamh cinneadh ón gCoimisiún agus bhí an méid a bhí faoi achomharc cothrom le €167 milliún. In 23 de na cásanna sin, a raibh breis is dhá thrian den luach gaolmhar luaite leo, éisteadh an cás roimh 2018.

**Moladh 14.1**

D'fhonn a chinntiú go bhfuil dlús á chur le cásanna go héifeachtach, ba cheart don Choimisiún sprioc-amfrámaí a bhunú do dhiúscairt cásanna agus ba cheart nós imeachta géaraithe a bhunú do chásanna nach bhfuil diúscartha laistigh de sprioc-amfráma.

**Freagairt an Chathaoirligh (An Coimisiún um Achomhairc Chánach)**

Comhaontaítear.

D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé suas le híosmhéid sé mhí sula mbeifí réidh chun chun cás a sceidealú má bhíonn na céimeanna ar fad sa phróiseas riachtanach agus má tá na páirtithe ar fad ag comhoibriú. Ar dtús, mholfaimis sprioc naoi mí a shonrú don phróiseas agus go mbeadh próiseas géaraithe á chur chun feidhme i ndiaidh na tréimhse seo. Cinnteoidh an próiseas géaraithe go mbeidh an Fhoireann Tacaíochta Achomharc, an Cásbhainisteoir agus an Coimisinéir infheidhme, ag obair ar chásanna. Tá garspriocanna á bhforbairt taobh leis an gcóras cásbhainistithe a thugann foláireamh do phearsanra éagsúla nuair a tharlaíonn clistí. Tuigeann an Coimisiún go bhfuil gá le tuilleadh smachta i ndáil le gach cuid den achomharc agus tá sé sin á chur chun feidhme i láthair na huaire.

**Moladh 14.2**

Ba cheart don Choimisiún sprioc-amfráma a shonrú le haghaidh eisiúint cinnidh i ndiaidh éisteachta agus ba cheart dó tuairisciú maidir lena fheidhmíocht sa chomhthéacs sin.

**Freagairt an Chathaoirligh (An Coimisiún um Achomhairc Chánach)**

Comhaontaítear.

Tá grádán amfrámaí á bhunú ag an gCathaoirleach, idir mí amháin agus trí mhí, le haghaidh cinntí ag brath ar an gcás

- cásanna lena mbaineann candam de suas le €1 mhilliún — mí amháin chun cinneadh a eisiúint
- cásanna lena mbaineann candam de idir €1 mhilliún agus €10 milliún — dhá mhí chun cinneadh a eisiúint
- cásanna lena mbaineann candam de suas le €10 milliún — trí mhí chun cinneadh a eisiúint.

Níl na hamlínte a bhaineann le cinneadh ach á mbunú agus tástáladh iad i gcomhthéacs na líne tháirgeachta sa Choimisiún. Dá réir sin, ní féidir aon tiomantas a thabhairt maidir le lucht féachana seachtrach i láthair na huaire ach déanfar athbhreithniú ar an gceist seo i ráithe 1 2021 agus táthar ag súil go mbeifear in ann freagra dearfach a thabhairt an t-am sin. Má táthar le tuairisciú ar fhaisnéis, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tús a chur le héisteachtaí nua ó Ráithe 4 2020.

**14.60** Athbhreithníodh nósanna imeachta oibríochtúla an Choimisiúin mar chuid den scrúdú seo. Tá scóip shuntasach ann a nósanna imeachta riaracháin a fheabhsú.

**14.61** Níl an córas cásbhainistithe reatha oiriúnach dá fheidhm. Rinneadh córas a soláthraíodh in 2016 a dhíscríobh ina dhiaidh sin agus cuireadh córas sealadach chun feidhme ó Aibreán 2018. Go háirithe, ní cheadaíonn an córas comhéadan leictreonach idir an cáiníocóir agus na Coimisinéirí Ioncaim a sholáthar. Ina theannta sin, ní cheadaíonn an córas faisnéis bainistíochta a thiomsú chun bainistiú éifeachtach agus tuairisciú cruinn líon cásanna agus torthaí a éascú.

**14.62** Sainaithníodh i rith an scrúdaithe difríochtaí idir an méid taifeadta ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an gCoimisiún i ndáil leis an gcandam cánach faoi achomharc.

**Moladh 14.3**

Roimh sholáthar córas cásbhainistithe in 2016, shonraigh an Coimisiún a riachtanais chuige sin. Ba cheart don Choimisiún na riachtanais seo a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is cuí agus tús a chur le soláthar córas cásbhainistithe éifeachtach.

Idir an dá linn, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta rialaithe cáilíochta atá á gcur chun feidhme i ndáil le sonraí feidhmíochta lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis cruinn agus iomlán.

**Freagairt an Chathaoirligh (An Coimisiún um Achomhairc Chánach)**

Comhaontaítear.

Tá tús curtha leis an bpróiseas chun an córas cásbhainistithe a ionadú. Thosaigh bord an tionscadail, ar a bhfuil ionadaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, ag bualadh le chéile in Eanáir 2020. Go dtí seo, tá roinnt mhaith oibre curtha i gcrích ar an tionscadal seo lena n-áirítear riachtanais próisis mapála an chórais nua a nuashonrú. Lena chois sin, reáchtáladh cruinnithe le OPFR chun na réitigh a d'fhéadfaidís a bheith in ann a chur ar fáil a phlé. Tá mí na Nollag 2020 sonraithe ina spriocdháta do chur i gcrích chéim a haon den tionscadal — doiciméad tionscanta tionscadail a chur i dtoll a chéile. Ciallóidh sé seo go mbeifear in ann tús a chur leis an bpróiseas soláthair.

Tá nósanna imeachta rialaithe cáilíochta forbartha chun an riosca, a bhaineann le hearráidí mar gheall ar iontráil de láimh, a laghdú agus tá siad á mbunú i láthair na huaire. Áirítear anseo sampláil mhíosúil a dhéanamh ar chásanna nua arna n-iontráil ag bainisteoirí líne ar an gcóras CCB chun caighdeán na hiontrála sonraí a chinntiú. Cuirfidh comhaltaí sinsearacha den fhoireann Tacaíochta Achomharc seiceálacha i gcrích chomh maith ar bhonn ráithiúil ar rogha randamach comhad oscailte lena chinntiú go bhfuil na comhaid dhigiteacha agus fhisiciúla nuashonraithe i gceart agus go bhfuil gach iontráil ar an gcóras CCB de réir an chaighdeáin chuí. Beidh na nósanna imeachta seo lánoibríochtúil roimh dheireadh Ráithe 4 2020.

Tá treoir tugtha do chomhaltaí foirne sonraí na gcásanna atá á nuashonrú acu ar CCB a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil príomhshonraí cosúil le candam iontráilte i gceart nuair a bhí an cás bunaithe den chéad uair nó nuair a bhíonn sonraí nua ar fáil. Anois áireofar é seo mar chuid den oiliúint rialta do gach comhalta foirne nua agus oiliúint athnuachana maidir le nós imeachta iontrála sonraí CCB le haghaidh comhaltaí foirne reatha atá sceidealta do Mheán Fómhair 2020. Tá sé beartaithe go ndéanfar tuilleadh forbartha ar na nósanna imeachta rialaithe cáilíochta seo agus go gcuirfear leo de réir mar is gá amach anseo chun dea-chleachtas a chinntiú.

**14.63** Foilsíonn an Coimisiún sonraí maidir le gach cás a ndearnadh cinneadh ina leith ar a shuíomh gréasáin laistigh de 90 lá i ndiaidh cinneadh a dhéanamh. Ní éascaíonn cur i láthair an ábhair seo úsáid do cháiníocóirí, gníomhairí, na Coimisinéirí Ioncaim nó an pobal. Ní dhéantar tuarascálacha a chatagóiriú de réir ceannteideal cánach, nó bliain, agus/nó ní sholáthraítear achoimre ar an gcás. Tugann an Coimisiún le fios, áfach, go bhfoilsíonn sé achoimre ar chinntí casta ina thuarascáil bhliantúil.

## Nós imeachta gearáin agus athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim

**14.64** Is féidir le cáiníocóirí úsáid a bhaint as próiseas gearáin agus athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim chun easaontas maidir le raon leathan fadhbanna a réiteach sa chás nach féidir na fadhbanna sin a réiteach i rith an phróisis idirghabhála. Léirítear i dtaifid na gCoimisinéirí Ioncaim, idir 2016 agus 2019, gur úsáideadh an próiseas seo 56 uair, thart ar 14 chás sa bhliain, ar an meán.

**14.65** Ní chuireann an próiseas athbhreithnithe seo isteach ar cheart cáiníocóra achomharc reachtúil a dhéanamh, más cuí.

## Córas cánach faoi achomharc na gCoimisinéirí Ioncaim

**14.66** Tá scóip ann an fhaisnéis a bhaineann le hachomhairc chánach agus an tionchar atá acu a fheabhsú. Mar shampla

- Ní raibh faisnéis a bhaintear as córas cásbhainistithe na gCoimisinéirí Ioncaim (CBCI) faoi achomhairc iontaofa agus b’éigean leasú suntasach a dhéanamh.
- Taifeadtar faisnéis a bhaineann leis an measúnú cánach bunaidh agus an dliteanas measta deiridh ag leibhéal an cháiníocóra aonair. Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim monatóireacht ar thionchar an phróisis achomhairc ar an gcáin arna meas ag leibhéal domhanda.
- Ní dhéanann na Coimisinéirí Ioncaim monatóireacht ar leithligh ar bhailiú na méideanna dlite i ndáil le hachomhairc a raibh cinneadh déanta ina leith.
- Níl ar chumas na gCoimisinéirí Ioncaim deimhniú a sholáthar maidir leis an méid cánach ar fad a bhí réamhíoctha ar feitheamh thoradh an achomhairc ag deireadh mhí na Nollag 2019. Cheadódh sé seo meastachán a dhéanamh maidir le cé mhéad den cháin faoi achomharc atá íoctha agus cé mhéad atá gan íoc. Chuir na Coimisinéirí Ioncaim in iúl go bhfuil an fhaisnéis ar fáil ar thaifid an cháiníocóra aonair.

### Moladh 14.4

Ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas atá bunaithe chun sonraí maidir le hachomharc cánach a thaifeadadh ar mhodúl achomharc CBCI. Ba cheart gach achomharc oscailte a athbhreithniú lena chinntiú go bhfuil an méid taifeadta ceart.

**Freagairt an Chathaoirligh (Na Coimisinéirí Ioncaim)**

Comhaontaítear.

Tá athbhreithniú ar achomhairc, chun na figiúirí a bhaineann le cáin atá á díospóidiú in CBCI a nuashonrú, curtha i gcrích agus tá nósanna imeachta bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh gach sé mhí, mar aon le feidhm maoirseachta lárnach lena chinntiú go leantar leis seo.

Leanfaidh rannáin oibríochtúla na gCoimisinéirí Ioncaim le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht achomhairc mar chuid dá mbainistíocht leanúnach ar idirghabhálacha CBCI i ndáil lena mbonn cásanna agus tá na Coimisinéirí Ioncaim i mbun clár dearbhaithe cáilíochta a fhorbairt chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar thaifeadadh na ngníomhaíochtaí achomhairc.

### Moladh 14.5

D’fhonn éifeacht fhoriomlán an phróisis achomhairc a chinneadh, ba cheart do na Coimisinéirí Ioncaim monatóireacht a dhéanamh ar an athrú foriomlán ar dhliteanais mheasta (de réir an chineáil chánach) mar thoradh ar achomharc.

**Freagairt an Chathaoirligh (Na Coimisinéirí Ioncaim)**

Comhaontaítear le cuid de seo.

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le dliteanais mheasta réamh-achomhairc agus maidir leis an athrú, más ann dó, in aon cheann de na dliteanais mheasta sin i ndiaidh achomharc le fáil, i láthair na huaire, ag leibhéal an cháiníocóra aonair, ar chórais na gCoimisinéirí Ioncaim. Breithneoidh na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, feidhm mhonatóireachta a fhorbairt do chásanna achomhairc, mar chuid d’fheabhsuithe breise ar chórais TF. Breithneofar aon fhorbairt shuntasach, den chineál seo, bunaithe ar luach ar airgead, ag féachaint do thosaíochtaí TF eile.

## Iarscríbhinn 14A Gníomhartha de chuid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach chun déileáil le moltaí i dTuarascáil O'Donoghue 2018

| | Moladh O'Donoghue | Amfráma sa tuarascáil | Freagairtí an Choimisiúin um Achomhairc Chánach don mholadh: dul chun cinn amhail ag an 31 Lúnasa 2020 |
|---|---|---|---|
| | **1. Struchtúir rialachais** | | |
| **1.1** | Ceap Coimisinéir mar chathaoirleach: moltar go gceapfadh an tAire Coimisinéir mar Chathaoirleach, Oifigeach Cuntasaíochta agus Ceannasaí Oifige. Le cois na ngnáthdhualgas mar Choimisinéir, bheadh an Cathaoirleach freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar leithdháileadh cásanna, dearbhú cáilíochta, comhsheasmhacht agus bainistiú oibríochtaí an Choimisiúin. Lena chois sin, bheadh an Cathaoirleach/Coimisinéir, ag feidhmiú mar cheannasaí na heagraíochta i ngach cás agus mar Oifigeach Cuntasaíochta don mhaoiniú vótáilte chuig an gCoimisiún. | Ráithe 2 2020 | Ceapadh Cathaoirleach an Choimisiúin ar an 1 Iúil 2020. |
| **1.2** | An próiseas earcaíochta: ba cheart go leanfadh ceapadh an Chathaoirligh ceapadh Coimisinéirí breise mar a mholtar thíos. | Ráithe 2 2020 | **Críochnaithe:** Tá coimisinéirí breise ceaptha, mar a moladh, agus tá tús curtha acu lena gcuid oibre leis an gCoimisiún. Ag an 31 Lúnasa 2020, tá beirt choimisinéirí bhuana agus ceathrar coimisinéirí shealadacha (triúr lánaimseartha agus duine amháin páirtaimseartha) fostaithe ag an gCoimisiún. |
| | **2. Neamhspleáchas** | | |
| **2.1** | Tacaíochtaí corparáideacha: ba cheart go mbeadh an Roinn Airgeadais (an Roinn) freagrach as soláthar tacaíochtaí corparáideacha (lena n-áirítear Iniúchadh Inmheánach, Seirbhísí Sláinte agus Sábháilteachta, Bainistíocht Riosca) don Choimisiún sa ghearrthéarma. | Ráithe 3 2020 | Chuir an Roinn in iúl don Choimisiún go raibh sé den tuairim nach raibh sé oiriúnach go mbeadh an raon tacaíochtaí corparáideacha seo á sholáthar ag an Roinn. Mhol an Roinn go ndéanfadh an Coimisiún athbhreithniú ar na tacaíochtaí corparáideacha riachtanacha agus go gcuirfeadh sé togra i dtoll a chéile maidir le soláthar seirbhíse amach anseo. Cuireadh meamram ina sonraítear riachtanais thacaíochtaí corparáideacha na heagraíochta faoi bhráid na Roinne i mí na Samhna 2019. Tá an t-iarratas ar phoist bhreise i seirbhísí corparáideacha curtha faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag an Roinn. Tugadh cead Príomhoifigeach Cúnta agus Oifigeach Feidhmiúcháin bhreise a cheapadh. Fógraíodh post an Phríomhoifigigh Chúnta mar phost ar iasacht agus tairgeadh an post d'iarrthóir. Dhiúltaigh an t-iarrthóir glacadh leis an tairiscint i mí Iúil 2020. Dá thoradh, i Lúnasa 2020, cinneadh an fhoireann a atheagrú go hinmheánach chun déileáil leis an bhfadhb seo agus chuir comhaltaí foirne reatha lena bpunann oibre, agus earcaíodh comhaltaí foirne sóisearacha breise i Meán Fómhair 2020 chun cabhair a thabhairt. |
| **2.2** | Tacaíochtaí corparáideacha: ba cheart Bord Bainistíochta na Státseirbhíse a cheistiú maidir le conas is fearr réiteach comhroinnte seirbhíse a fhorbairt do na réimsí seo don Choimisiún agus do ghníomhaireachtaí beaga eile de réir mar a bhíonn gá lena leithéid. | Ráithe 3 2020 | Tá an Coimisiún toilteanach glacadh le samhail seirbhísí comhroinnte má bhíonn a leithéid ar fáil amach anseo. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.3** | Seirbhísí TF: moltar go mbíonn plé arís idir na Coimisineirí Ioncaim agus an Coimisiún maidir le soláthar dearaidh agus tacaíochta do chórais TF, agus áiseanna óstála. Ba cheart tús áite a thabhairt dó seo laistigh de na Coimisinéirí Ioncaim i gcomhthéacs a chinntiú gurb ann do chóras achomhairc atá ag feidhmiú i gceart, agus ba cheart do na Coimisinéirí sa dá eagraíocht tacú go hiomlán leis seo. | Ráithe 4 2022 | Phléigh na Coimisinéirí Ioncaim agus an Coimisiún ceisteanna a bhaineann le TF. Tá tacaíocht TF agus áiseanna óstála curtha ar fáil ag na Coimisinéirí Ioncaim ó foilsíodh an tuarascáil.<br><br>Chuathas i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le forbairt córas cásbhainistithe nua don Choimisiún. Tá ionadaí le haghaidh na gCoimisinéirí Ioncaim ceaptha ar bhord an tionscadail agus tá sé beartaithe dul i gcomhairle leis an ionadaí sin mar phríomhpháirtí leasmhar sa tionscadal i rith gach céime agus béim ar leith a leagan ar mhalartú éifeachtach an chomhéadain faisnéise. |
| **2.4** | Seirbhísí TF: ba cheart don Roinn a cumhacht a úsáid lena chinntiú go dtacaíonn Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OPFR), i bhfianaise scála an Choimisiúin, go hiomlán leis an gCoimisiún chomh fada is a bhaineann le cabhrú le forbairt TF; nascacht le gréasáin rialtais; córais oifige agus ceisteanna teicniúla éagsúla eile. | Ráithe 4 2022 | Tá an Coimisiún páirteach i gcomhaontú le OPFR maidir le tacaíocht agus cothabháil TF. Ghlac OPFR freagracht as tacaíocht TF agus óstáil ó na Coimisinéirí Ioncaim ar an 4 Lúnasa 2020. Chomh maith leis sin, chuathas i gcomhairle le OPFR maidir le forbairt córas cásbhainistithe nua. |
| | **3. Acmhainní riachtanacha breise** | | |
| **3.1** | Leithdháileadh acmhainní breise mar seo a leanas: coimisinéirí achomhairc x 1; coimisinéir sealadach x 2; príomhoifigeach x 1 (in ionad an phoist iasachtaithe faoi láthair — níl aon phost breise ann mar sin); príomhoifigigh chúnta x 3 (lena n-áirítear in ionad an chonraitheora reatha); AOF x 3.5; OF x 2; PO x 3. | Ráithe 2 2020 | Bhí beagnach an líon iomlán foirne a moladh sa tuarascáil earcaithe ag an gCoimisiún. Tá sé riachtanach cásbhainisteoir breise a earcú. |
| | Is é an aidhm atá leis an acmhainn bhreise seo struchtúr eagraíochta nua a chruthú le foirne ar leithligh go sonrach chun riaráistí a shainaithint agus a bhainistiú i dteannta leis an ualach cásanna reatha. Ba cheart go mbeadh an príomhoifigigh freagrach as an gcinneadh deiridh maidir le conas ba cheart feidhmeanna tacaíochta a eagrú le comhaontú ó na coimisinéirí. | Ráithe 4 2020 | Chinntigh ceapachán an Phríomhoifigigh Oibriúcháin (POO) go ndearnadh dul chun cinn láithreach ar an moladh maidir le hacmhainní breise chun cruthú struchtúr eagraíochta nua a éascú. Tá struchtúr eagraíochta idirthréimhsí nua bunaithe anois. Táthar ag súil leis go mbeidh an cinneadh deiridh maidir le struchtúr eagraíochta optamach á stiúradh ag an gcathaoirleach agus POO agus go mbeidh sé bunaithe i Ráithe 4 2020. |
| **3.2** | Athbhreithniú trí bliana: ba cheart na comhaltaí foirne tacaíochta breise ar fad a cheapadh mar chroífhoireann bhuan ag an bpointe seo. Ba cheart, áfach, athscrúdú a dhéanamh ar sholáthar foriomlán na n-acmhainní don Choimisiún i gceann trí bliana ag féachaint don dul chun cinn atá déanta, riachtanais leanúnacha ghnó, agus uathoibriú agus cruthú éifeachtúlachtaí. | Ráithe 4 2021 | Táthar ag súil leis go gcuirfear athbhreithniú trí bliana ar sholáthar acmhainní i gcrích i Ráithe 4 2021 mar atá molta. |
| **3.3** | Breithniú earcaíochta: i bhfianaise na moilleanna atá ar earcaíocht sheachtrach, mura bhfuil na hacmhainní riachtanacha ar fáil san amfráma atá lorgtha ag an gCoimisiún, ba cheart breithniú a dhéanamh ar na comhaltaí foirne breise a iasachtú ar bhonn sealadach ó eagraíochtaí eile sa státseirbhís. Ó tharla leas díreach a bheith ag an Roinn Airgeadais agus ag na Coimisinéirí Ioncaim in oibríochtaí éifeachtacha sa Choimisiún a chinntiú, mholfainn gur cheart dóibh soláthar iasachtaithe leis na scileanna oiriúnacha a threorú mar léargas soiléir ar a dtiomantas d'oibriú éifeachtach an Choimisiúin. | Ráithe 4 2020 | Scrúdaíodh iasachtú mar rogha i ngach próiseas earcaíochta. Go dtí seo, ní raibh sé praiticiúil i bhformhór na gcásanna poist a líonadh tríd an modh seo. Le déanaí sholáthair an Roinn *AP* ar iasacht dhá lá in aghaidh na seachtaine le haghaidh tréimhse trí mhí (lár MF-lár Nollaig 2019) chun cabhrú le foirmiú nósanna imeachta agus beartas cosanta sonraí. |
| **3.4** | Soghluaisteacht san áit oibre: ba cheart don Choimisiún iarratas a chur chuig RCPA chun nscrúdú a dhéanamh ar agus meicníochtaí forbartha soghluaisteachta agus gairme a bhunú d'fhoireann an Choimisiúin agus don fhoireann in eagraíochtaí cosúla. | Ráithe 4 2020 | Tá an Coimisiún páirteach i scéim soghluaisteachta na státseirbhíse. Ba cheart don Choimisiún fáiltiú roimh aon scéimeanna breise a spreagfadh forbairt gairme foirne nó coimeád foirne. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **4. Ag déileáil le riaráistí** | | |
| **4.1** | Ag déileáil le riaráistí: tá gach Coimisinéir cuntasach as a (h)éisteachaí agus a c(h)inntí féin. Ba cheart do na Coimisinéirí an t-ualach cásanna a shainaithint agus a chatagóiriú agus é mar aidhm cinneadh a dhéanamh maidir le scála 'riaráiste' na gcásanna reatha. Ba cheart dóibh plean a bhunú chun déileáil leis seo de réir roinnt de na moltaí a bhfuil cur síos déanta orthu. Ba cheart go sonrófaí sa phlean amfráma chun fáil réidh leis an riaráiste agus spriocanna maidir le dul chun cinn ar féidir iad a úsáid chun dul chun cinn a thuairisciú. | 2019-2020 | Tá pleananna chun fáil réidh leis an riaráiste agus spriocanna le haghaidh dul chun cinn bunaithe agus curtha in iúl don Roinn Airgeadais. Tá tús áite á thabhairt ag coimisinéirí do chásanna a thabhairt i gcrích atá éiste ach nach bhfuil cinneadh déanta maidir leo fós. I ndáil le hachomhairc leagáide, tá an stádas amhail ag an 31 Nollaig 2019 sonraithe in Iarscríbhinn 14B. |
| **4.2** | Cumarsáid le páirtithe: ba cheart do na Coimisinéirí cumarsáid a dhéanamh le gach páirtí in achomhairc a bhfuil tionchar ag an riaráiste orthu agus cur síos a dhéanamh ar na cuir chuige a bhfuiltear ag glacadh leo agus cur síos a dhéanamh ar an uair a bhféadfaí a bheith ag súil le dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis na catagóirí difriúla achomhairc. | 2019-2020 | Cuireadh athbhreithniú ar chinntí nach raibh déanta fós i gcrích in 2019 agus seoladh litreacha ina dhiaidh sin. Tá sé beartaithe go ndéanfar an rud céanna arís mar chuid d'athbhreithnithe amach anseo ar aon chásanna a bhfuil tionchar ag aon riaráiste orthu. |
| | **5. Feabhas ar an bpróiseas** | | |
| **5.1** | Feabhas ar an bpróiseas: ba cheart do na Coimisinéirí an méid tairbhe agus is féidir a bhaint as na ceapacháin atá ar fáil laistigh den Acht chun rannpháirtíocht cásbhainisteoirí sa phróiseas achomhairc a optamú. Ba cheart go mbeadh na ceapacháin seo i bhfeidhm i ndáil le hobair na gCoimisinéirí ar fad (buan agus sealadach). | Ráithe 4 2019 | Cuireadh athbhreithniú ar ról agus freagrachtaí cásbhainisteoirí i gcrích in 2019. Tá sé seo soiléirithe agus comhaontaithe anois. Tá clár struchtúrtha forbartha cásbhainisteora bunaithe agus tá sé beartaithe an clár a bhrú chun cinn i rith 2020. |
| **5.2** | Ní mór na struchtúir agus córais tacaíochta atá bunaithe a optamú trí úsáid chomhsheasmhach a bheith á baint ag gach Coimisinéir, lena n-áirítear Coimisinéirí sealadacha, astu. Is é an tOifigeach Cuntasaíochta atá freagrach as a chinntiú go dtarlaíonn sé seo. | Ráithe 4 2019 | Chuir soiléiriú maidir le ról agus freagrachtaí cásbhainisteoirí sa chomhthéacs seo mar atá thuasluaite leis an méid seo. Tá cásbhainisteoirí sannta anois chun cabhrú le Coimisinéirí ar bhonn uainchláir lena chinntiú go bhfuil dóthain rochtana ag gach Coimisinéir ar thacaíocht cásbhainisteora. |
| **5.3** | Ba cheart do na Coimisinéirí comharthaí maidir leis an amfráma ionchais do thabhairt i gcrích cinntí a fhoilsiú i ndiaidh achomharc a éisteacht. Moltar sprioc dhá mhí. Ba cheart do na Coimisinéirí tuairisciú ar dhul chun cinn chomh fada is a bhaineann leis an sprioc seo a chomhlíonadh. | 2019-2020 | Ó tharla Cathaoirleach a bheith ceaptha chomh maith le Coimisinéirí sealadacha nua mar aon le laghdú ar riaráistí, táthar ag súil leis go mbeidh léargas níos soiléire ar an amfráma le haghaidh cásanna, idir éisteacht agus chinneadh, ar fáil i Ráithe 4 2020. Príomhtháscaire a bheidh anseo i ndáil le tuairisciú cásanna ar láimh. |
| **5.4** | Ba cheart do na Coimisinéirí, trí úsáid a bhaint as tacaíocht na gcásbhainisteoirí ceaptha, agus cothromaíocht chuí a chinntiú idir eisiúint cinntí achomhairc atá éiste cheana féin agus sceidealú achomharc nua, tús áite a thabhairt do thabhairt i gcrích cinntí nach bhfuil déanta fós. | Ráithe 1 2019 | Mar a míníodh sna freagairtí ar mholtaí 4.1, 5.1 agus 5.2, tá pleananna bunaithe cheana féin chun deireadh a chur le riaráistí, cásanna atá éiste cheana féin a chinneadh agus éisteachtaí achomhairc nua. Tá cásbhainisteoirí ag cabhrú le gach céim áit ar cuí. |
| | **6. Idirchaidreamh leis na Coimisinéirí Ioncaim** | | |
| **6.1** | Ba cheart don Choimisiún socruithe idirchaidrimh leis na Coimisinéirí Ioncaim a bhunú go foirmiúil chun breis éifeachtúlachta a éascú i ndáil le hoibriú an phróisis achomhairc. | Ráithe 4 2020 | Bíonn teagmháil rialta idir an Coimisiún agus aonad achomharc cánach na gCoimisinéirí Ioncaim agus glacann sé páirt i gcruinnithe rialta leis an nGrúpa Oibre Riaracháin (GOR) leis na Coimisinéirí Ioncaim atá á n-eagrú ag an Roinn. |
| **6.2** | Ba cheart grúpa idir-rannach, faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, a bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar roghanna maidir le malartú leictreonach faisnéise a theastaíonn ón gCoimisiún agus ó na Coimisinéirí Ioncaim araon de réir thogra na gCoimisinéirí Ioncaim don mhéid sin. | Ráithe 4 2020 | Tá na nithe seo pléite ag cruinnithe GOR. Chuathas i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir le dearadh agus cur chun feidhme an tionscadail reatha athsholáthair CCB a bhfuiltear ag súil a chumasóidh a leithéid sin de mhalartú sonraí. Tá ionadaí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ceaptha ar bhord thionscadal |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | CCB. |

Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach

**Iarscríbhinn 14B Seo a leanas stádas reatha achomhairc leagáide amhail ag an 31 Nollaig 2019**

| Stádas achomharc leagáide ag an 31 Nollaig 2019 | Líon na n-achomharc | Candam €000 |
|---|---|---|
| **Á phróiseáil ag an gCoimisiún faoi láthair** | | |
| Ar feitheamh (e.g. ar feitheamh toradh achomhairc eile nó cinneadh Ard-Chúirte nó an pháirtí a iarrann) | 314 | 101,742 |
| Cumaiscthe/comhdhlúite | 57 | 10,001 |
| Iarradh breis faisnéise ó pháirtithe agus táthar ag feitheamh ar fhreagairtí — ráiteas cáis, cur síos ar argóintí, doiciméid réamh-/iar-éisteachta | 36 | 57,427 |
| Éisteachtaí/comhdhálacha cásbhainistithe sceidealta | 32 | 10,812 |
| Ag feitheamh ar dheimhniú maidir le dúnadh achomharc | 13 | 3,260 |
| Ar feitheamh cinnidh | 5 | 8,927 |
| **Fo-iomlán** | **457** | **192,169** |
| **Próiseáil le déanamh ag an gCoimisiún** | | |
| Foireann tacaíochta achomharc | 34 | 13,650 |
| Cásbhainisteoir | 17 | 24,805 |
| Oifig sceidealaithe | 17 | 5,314 |
| Coimisinéir | 1 | — |
| **Fo-iomlán** | **69** | **43,769** |
| **Iomlán foriomlán** | **526** | **235,938** |

Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Iarscríbhinn 14C Measúnú ar an gcóras cásbhainistithe reatha atá i bhfeidhm

| Príomhcheanglais[a] | An córas reatha atá i bhfeidhm | |
|---|---|---|
| Soláthair áis don cháiníocóir chun achomharc a thaisceadh agus comhfhreagras a dhéanamh ar líne leis an gCoimisiún. | Níl aon áis ann a cheadaíonn don cháiníocóir achomharc a thaisceadh ar líne agus comhfhreagras a dhéanamh leis an gCoimisiún ar líne.<br>Ní mór don cháiníocóir foirm a íoslódáil ó shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh tríd an bpost nó chuig an seoladh ríomhphoist info@taxappeal.ie. | Níl ag feidhmiú |
| Ba cheart go gcruthódh an córas cás nua ar an gcóras cásbhainistithe go huathoibríoch agus aitheantóir uathúil don chás agus réimsí aisghafa ón bhfoirm a cuireadh ar fáil a réamhlíonadh. | Ní leithdháileann an córas cásbhainistithe (CCB) aitheantóir uathúil le haghaidh cásanna achomharctha.<br>Déantar uimhir thagartha uathúil aitheantais a leithdháileadh de láimh do gach achomharc a fhaigheann an Coimisiún ar scarbhileog chomhroinnte as líne. | Níl ag feidhmiú |
| Ba cheart don chóras deis a thabhairt don cháiníocóir doiciméid a uaslódáil agus a cheangal leis an gcás. | Coimeádtar cóip chrua den chomhad le haghaidh gach cás achomhairc a dhéantar a nuashonrú de réir mar a leantar ar aghaidh leis an gcás. Ó lár 2019, tá tús curtha ag an gCoimisiún leis an bpróiseas a bhaineann le taifeadadh digiteach doiciméad ar thiomántán atá á chomhroinnt le freastalaí an Choimisiúin. | Níl ag feidhmiú |
| Ba cheart go mbeadh an córas seo in ann faisnéis a mhalartú go huathoibríoch go déthaobhach agus go leictreonach le páirtithe seachtracha, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, mar shampla. | Níl aon mhodh ann chun faisnéis a mhalartú go huathoibríoch ón CCB reatha. Déantar an comhfhreagras ar fad leis na Coimisinéirí Ioncaim faoi chásanna faoi achomharc tríd an bpost nó ríomhphost nach bhfuil á stóráil sa chóras cásbhainistithe. | Níl ag feidhmiú |
| Cur ar chumas foireann riaracháin an Choimisiúin cásanna a rianú agus a oibriú go héifeachtach. | Níl ach acmhainn theoranta ag an gCoimisiún cásanna a rianú agus a oibriú go héifeachtach ar an gcóras CCB reatha.<br>Taifeadtar ar an gcóras dátaí dlite chun comhfhreagras a sheoladh ar ais ach ní thugtar foláireamh do na húsáideoirí maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil an t-am caite agus ní eisítear meabhrúcháin ón gcóras a chiallódh go bhféadfaí leanúint le cásanna ar bhonn tráthúil. | I bhfeidhmh go páirteach |
| Stair gach nuashonrú ar chás a ghabháil lena n-áirítear stampa ama agus ainm úsáideora. | Áirítear sa CCB atá i bhfeidhm i láthair na huaire conair iniúchta ina dtaispeántar an t-úsáideoir deiridh a d'athraigh na sonraí agus áirítear ann stampa ama freisin. | I bhfeidhmh |
| Ba cheart go soláthródh CCB acmhainní cuimsitheacha tuairiscithe chun cur ar chumas na foirne bainistíochta measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn achomharc, ualach na gcásanna faoi láthair, an méid ama a bhfuil cásanna oscailte agus an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le cásanna bunaithe ar luach agus ar bhliain. | Cruthaíonn CCB roinnt tuarascálacha a úsáideann an fhoireann bainistíochta cosúil le líon na gcásanna nua sa bhliain bunaithe ar an gcineál cánach, líon na gcásanna dúnta sa bhliain agus an méid ama a bhfuil cásanna oscailte. Tá tuarascálacha cosúil le 'nua de réir an chineáil chánach' 'dúnta de réir na catagóire bliana' 'achomhairc oscailte' agus 'am oscailte' ar fáil. Tugtar léargas sna tuarascálacha seo don fhoireann bainistíochta ar ualach na gcásanna, ach ní mór don Choimisiún sonraí an chórais a íoslódáil agus na sonraí a ionramháil de láimh chun staitisticí a sholáthar chun críche tuairiscithe. | I bhfeidhmh go páirteach |

Foinse: An Coimisiún um Achomhairc Chánach. Anailís déanta ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Tá an measúnú seo bunaithe ar na sonraíochtaí atá le fáil i ndoiciméad an iarratais ar thairiscint a d'eisigh an Coimisiún ar an 18 Aibreán 2016.

● I bhfeidhmh ● I bhfeidhmh go páirteach ● Níl ag feidhmiú